



Post	Oifigeach Measúnaithe Airgeadais EMFAF (AOF)
Conradh	Conradh sainchuspóra sealadach ar feadh uastréimhse suas go dtí an 31 Nollaig 2027 (EMFAF)
Grúpa Seirbhíse	Seirbhísí Corparáideacha
Áit	Suíomh Solúbtha

Tuairisc ar Ghrúpa Seirbhíse cúí:

Seirbhísí Corparáideacha

Cuireann Seirbhísí Corparáideacha tacaíocht, pleanáil agus riarachán a bhaineann le cúrsaí Airgeadais, TFC, Soláthair, Seirbhísí Flít, Seirbhísí Infheistíochta agus gréasán Ice Plant ar fáil laistigh de BIM.

Achoimre ar an Ról:

Oibreoidh an tOifigeach Measúnaithe Airgeadais laistigh d'fhoireann na Foireann Airgeadais sa Rannóg Seirbhísí Corparáideacha d'fhonn critéir cháilitheachta airgeadais iarratasóirí faoin gClár EMFAF a mheas. Beidh an t-iarratasóir a n-éireoidh leis freagrach as critéir cháilitheachta airgeadais a mholadh ar fud gach deontas EMFAF; na critéir airgeadais ar gach iarratas ar dheontais a mheas; tuairisciú chuig bord ceadaithe deontas agus a bheith rannpháirteach orthu; comhairle a chur ar fhoireann níos forleithne an EMFAF maidir le dea-chleachtas i réimse an mheasúnaithe airgeadais; táscairí a thiomsú de réir mar a theastaíonn agus iad a thuairisciú go tréimhsiúil laistigh de BIM agus chuig páirtithe leasmhara lena n-áirítear DAFM. Beidh an ról seo ina thacaíocht dhíreach ag oibleagáidí na hÉireann faoin gCiste Eorpach Muirí, lascaigh agus Dobharshaothraithe (EMFAF 2021 go 2027).

Cúlra leis an Riachtanas:

Is é BIM gníomhaireacht Stáit na hÉireann a bhfuil freagracht air as tionscal bia mara na hÉireann a fhorbairt. Tacaíonn sé le tionscal bia mara na hÉireann agus le pobail chun cinntiú go mbaintear leas as acmhainní uisceacha agus muirí ar bhealach atá inbhuanaithe.

Tá maoiniú faighte ag Éirinn faoi EMFAF (An Ciste Eorpach Muirí, lascaigh agus Dobharshaothraithe) chun tacú EMFAF a chur i bhfeidhm agus a mbeidh siad seo a leanas ann ansin mar thoradh air:-

- farraigí agus aigéin atá sláintiúil, sábháilte agus bainistithe go hinbhuanaithe
- Slándáil bhia tríd an soláthar táirgí bia mara
- Geilleagar gorm inbhuanaithe forbartha

Is é Rannán na gClár Mara sa Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara (DAFM) a bheidh freagrach as forbairt agus cur i bhfeidhm Chlár Forbartha Bia Mara 2021 - 2027. Tiocfaidh an Ciste Eorpach Muirí, lascaigh agus Dobharshaothraithe (EMFAF) 2021-2027 in ionad an Chiste Eorpach Muirí agus lascaigh (EMFF) 2014-2020.



Tá Éire chun maoiniú AE thart ar €142 milliún a fháil ón EMFAF nua a bheidh cónasctha le cómhaoiniú ó Rialtas na hÉireann. Leithdháilfear na cistí seo chun iascaigh, dobharshaothrú agus cabhlaigh iascaigh a bhainistiú, agus úsáidfear an chuid eile den mhaoiniú chun bearta ar nós comhairle eolaíochta, rialuithe agus seiceálacha, faisnéis faoin mhargadh, faireachas muirí agus slándáil mhuirí, a chumhdach.

Tacóidh an EMFAF go háirithe le hiascaigh cois cósta ar scála beag agus le soithigh suas le 24 méadar ar fad chomh maith leis an dobharshaothrú a chur chun cinn. Den chéad uair, áirítear soláthairtí sa chiste d'fhonn rialachas aigéin idirnáisiúnta a neartú agus áirítear soláthairtí d'fhonn cuidiú freagra a thabhairt ar ghéarchéimeanna eisceachtúla a chuireann isteach ar an margadh e.g. bearta sealadacha stórála nó cúiteamh do chostais bhreise.

Cuirfidh BIM réimse leathan de scéimeanna deontais i bhfeidhm faoi chlár EMFAF thar ceann DAFM. Beidh critéir measúnaithe airgeadais san áireamh in go leor deontas agus tá BIM tiomanta do na caighdeáin rialachais is airde a bhaint amach lena chinntiú go ndéantar iad seo a mheasúnú agus a thuairisciú go cuí. Tá sé i gceist ag an eagraíocht chomh maith an tionchar a bhíonn ag bronnadh deontais a léiriú trí thionchair agus torthaí inláimhsithe i ndáil le deontais a bronnadh faoi chlár EMFAF lena n-áirítear tionchar airgeadais. Tá BIM ag lorg Oifigeach Airgeadais a bhfuil na scileanna cuí aige chun saineolas airgeadais a chur ar fáil i ndáil le hiarratais ar dheontais a mheasúnú agus comhairle a chur ar an eagraíocht maidir le dea-chleachtas sa réimse sin.

Príomhthascanna:

- Critéir cháilitheachta airgeadais a mholadh i ndáil le gach deontas EMFAF
- Comhairle a chur ar fhoireann níos leithne EMFAF maidir le dea-chleachtas i réimse an mheasúnaithe airgeadais do dheontais
- Critéir cháilitheachta airgeadais iarratasóirí faoin gclár EMFAF a mheasúnú
- Tuairisciú chuig cruinnithe ceadaithe deontais agus a bheith rannpháirteach iontu
- Staitisticí agus táscairí airgeadais a chur i dtoll a chéile d'fheidhmíocht deontais
- Beidh ag obair leis na feidhmchláir bogearraí seo a leanas mar chuid den ról:
 - Flexi-grant
 - Microsoft Office 365
 - Word, Excel, Teams
 - SharePoint
 - Power BI
 - Dynamics 365

Eile:

Dualgais ghaolmhara ar bith eile a d'fhéadfaí a éileamh de réir mar is réasúnach agus a shannadh ó am go ham a chomhlíonadh

Struchtúr Tuairiscithe:

Bainisteoir: Bainisteoir Airgeadais

Stiúrthóir: Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha



Teagmhálaithe:

Laistigh de BIM

Bainisteoir Seirbhísí Infheistíochta, Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha, Bainisteoir Airgeadais, Riarthóirí Deontais, foireann BIM atá freagrach as forbairt agus cur i bhfeidhm deontais.

Lasmuigh de BIM

DAFM, iarratasóirí, earnáil an oideachais tríú leibhéal.

Oiliúint

Níl aon riachtanais oiliúna éigeantach don ról seo.

Déanfar riachtanais oiliúna a aithint tríd an gCóras Bainistithe Feidhmiúcháin atá againn.

Cáilíochtaí Oideachais, Gairmiúla nó Teicniúla, Eolas, Scileanna, Inniúlachtaí, Taithí agus Oiliúint

Riachtanach:

- Céim tríú leibhéal ábhartha i gcuntasaíocht, airgeadas nó i réimse ábhartha.
- Ábalta tuiscint ar mheasúnú airgeadais ar thionscadail nó cláir a léiriú.
- Taithí dhá bhliain ar a laghad i ról measúnaithe airgeadais nó i ról iniúchóireachta.
- Scileanna láidre anailísíochta.
- Dea-scileanna idirphearsanta agus ábalta oibriú le páirtithe leasmhara agus cumarsáid éifeachtach a dhéanamh leo.
- Scileanna éifeachtúla eagrúcháin agus riaracháin.
- Dea-bhainistiú ama agus ábalta rudaí a chur in ord tosaíochta agus spriocanna a bhaint amach.
- Ábalta oibriú gan mhaoirsiú agus mar dhuine den fhoireann.
- Scileanna maithe cumarsáide sa scríobh agus ó bhéal chomh maith le scileanna éifeachtacha uimhearhachta.

Inmhianaithe:

- Tuiscint ar thimpeallacht maoinithe an AE.
- Taithí ar mheasúnú airgeadais a dhéanamh ar thionscadail nó cláir.
- Eolas ar chórais bainistithe deontais.
- Ábalta torthaí a chur in iúl do réimse leathan páirtithe leasmhara.
- Taithí san earnáil phoiblí.

Tréithe pearsanta speisialta atá de dhíth don phost:

- Scileanna maithe i dtaobh féin-eagrúcháin agus tosaíochtaí a leagan amach, agus cumas tosaíochtaí iomadúla a bhainistiú.
- Ábalta a bheith ag obair go neamhspleách agus mar bhall foirne éifeachtach araon, a léiríonn treallús agus cruthaitheacht.
- Scileanna maithe idirphearsanta agus cumarsáide, ábalta idirghníomhú go héifeachtach le daoine i dtimpeallacht ildisciplíneach agus ilchultúir.
- Luach acu ar eolas a roinnt agus ar fheabhas leanúnach i dtimpeallacht chomhoibríoch measúnaithe agus foghlama.
- Sárchumas éascaithe agus cothaithe foirne.

Tuarastal:



Ag grád Príomhoifigeach Feidhmiúcháin a bheidh an luach saothair i gcomhréir le Scála Tuarastail ceadaithe na Roinne Airgeadais don Earnáil Phoiblí, le raon tuarastail €50,345 - €63,404 (amhail an 1 Deireadh Fómhair 2021) in aghaidh na bliana pro-rata i ndáil leis an am a bheidh oibrithe. Déanfar ball den Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair díot mura bhfuil tú i do bhall de scéim pinsin earnála poiblí i láthair na huaire (nó mura raibh tú i do bhall de scéim pinsin earnála poiblí le sé mhí anuas). Tá Scéim Tuarastail agus Pinsin faoi réir ag gnásanna faofa earnála poiblí agus glacann cuntas ar sheirbhís le déanaí san earnáil poiblí ag teacht le himlitreacha agus rialacha ábhartha.

Saoire Bhlíantúil:

Is 29 lá oibre in aghaidh na bliana pro-rata chun an t-am a oibríodh a léiriú an teidlíochta saoire bliantúla atá ag gabháil leis an ról seo. Níl Laethanta Saoire Poiblí san áireamh i dteidlíochtaí saoire bliantúla. Ní mór gach lá saoire a bheith ceadaithe roimh ré ag do bhainisteoir nó ag a n-ionadaí údaraithe i gcomhréir le polasaithe saoire BIM.

Fad an Chonartha:

Clúdóidh an conradh fostaíochta sainchuspóra sealadach an tréimhse suas go dtí an 31 Nollaig 2027. Cuirfidh an t-iarratasóir a n-éireoidh leis tréimhse phromhaidh isteach le linn na chéad sé mhí den chonradh.

Conas iarratas a dhéanamh:

Ba chóir C.V. iomlán chomh maith le litir iarratais agus a [Foirm Iarratais Folúntais BIM](#) chomhlánaithe ina ndéantar cur síos ar thairbhí agus scileanna a bhaineann leis an bpost, a sheoladh ar ríomhphost chuig jobs@bim.ie nó a sheoladh sa phost chuig Rannóg Acmhainní Daonna BIM, 12 Bóthar Crofton, Dún Laoghaire, Co. Bhaile Átha Cliath.

Is é 5 p.m. an 22 Lúnasa 2022 an dáta deiridh a nglacfar le hiarratais.

Tabhair ar aird go bhféadfadh níos mó ná céim agallaimh amháin a bheith i gceist leis an bpróiseas earcaíochta don ról seo agus go bhféadfadh BIM iarraidh ar na hiarratasóirí a roghnaítear cur i láthair gearr a dhéanamh ar ábhar a bheidh roghnaithe roimh ré ag céim an agallaimh dheiridh. Tabhair ar aird nach nglacfar le hiarratais a bheidh déanach.

Ba cheart aon cheist maidir leis an ról seo a sheoladh ar ríomhphost chuig jobs@bim.ie.

Úsáid Sonraí - Ní bhainfear úsáid as na sonraí pearsanta ná an fhaisnéis go léir a chuirtear ar aghaidh leis an iarratas seo ach chun críche an fheachtais sin agus don fheachtas sin amháin, agus déanfar na sonraí agus an fhaisnéis a scríosadh ansin i gcomhréir le Polasaí an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí agus an sceideal coinneála sonraí atá againn.

Caithfear le gach faisnéis go huile agus go hiomlán faoi rún agus ní bheidh rochtain ar an bhfaisnéis sin ach ag na daoine sin a bhfuil baint dhíreach acu leis an bhfeachtas.

Is fostóir comhdheiseanna é Bord Iascaigh Mhara